

Treoirlínte

EBA/GL/2025/04

4 Samhain 2025

Treoirlínte maidir le hanailís ar chásanna comhshaoil

Tástáil a dhéanamh ar athléimneacht na n-institiúidí i leith tionchair dhiúltacha na bhfachtóirí riosca comhshaoil

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

1.1. Stádas na dTreoirí seo

1. Tá treoirí sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirí a chomhlíonadh.
2. Sna treoirí leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ina bhfuil feidhm ag Treoirí comhlíonadh trí na Treoirí a ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó trína bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na Treoirí dírithe go príomha ar institiúidí.

1.2. Ceanglais maidir le tuairisciú

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirí seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 16.03.2026. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2025 orthu/04'. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún, (IO L 331, 15.12.2010, lch 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

2.1. Ábhar agus raon feidhme

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo na critéir chun na cásanna a shocrú ba cheart d'institiúidí a úsáid chun a n-athléimneacht i leith tionchair dhiúltacha fhadtéarmacha tosca comhshaoil a thástáil, go háirithe tosca a bhaineann leis an aeráid, i gcomhréir le hAirteagal 87a(3) agus Airteagal 87a(5), pointe (d) de Threoir 2013/36/AE².
6. Sonraítear sna Treoirlínte seo freisin conas ba cheart tosca riosca a bhaineann leis an aeráid a chomhtháthú i gcleachtadh tástála struis agus leagtar amach iontu critéir maidir le hanailís ar chásanna is féidir a úsáid chun tástáil a dhéanamh ar athléimneacht na hinstiúide i leith tionchair dhiúltacha ghearrtéarmacha tosca comhshaoil.
7. Comhlánaíonn na Treoirlínte seo Treoirlínte ÚBE maidir le rioscaí ESG a bhainistiú (EBA/GL/2025/01)³ maidir le hanailís ar chásanna. Comhlánaíonn na Treoirlínte seo freisin Treoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis institiúidí (ÚBE/GL/2018/4)⁴.
8. Ina theannta sin, sonraítear tuilleadh sna Treoirlínte seo conas ba cheart d'institiúidí, a fuair cead óna n-údarás inniúil an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha (Cur Chuige IRB) a úsáid chun ceanglais cistí dílse a ríomh do chuid dá neamhchosaintí ar riosca creidmheasa nó dá neamhchosaintí uile ar riosca creidmheasa, cásanna tástála struis a shainiú agus a úsáid lena n-áirítear tionscnóirí riosca comhshaoil, go háirithe spreagaithe riosca fisiciúla agus spreagaithe riosca aistrithe a eascraíonn as athrú aeráide, mar chuid dá gclár tástála struis ar riosca creidmheasa chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 177(2a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh⁵.

² Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuama ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólaigh infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, Ith. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>).

³ Sonraítear i dTreoirlínte ÚBE maidir le rioscaí ESG a bhainistiú na caighdeáin íosta agus na modheolaíochtaí tagartha chun rioscaí ESG a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Go háirithe, sonraítear iontu ábhar na bpleananna atá le hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de CRD. Treoirlínte ÚBE maidir le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a bhainistiú (ÚBE/GL/2025/01).

⁴ Soláthraítear i dTreoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis na n-institiúidí (ÚBE/GL/2018/04) ionchais, modheolaíochtaí agus próisis eagraíochtúla choiteanna maidir le feidhmíocht na tástála struis ag institiúidí, lena sonraítear conas ba cheart iad a chur san áireamh chun críocha leordhóthanachta caipitil agus bainistithe riosca.

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólaigh infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, Ith. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

9. Tá raon feidhme na dTreoirí dírithe ar rioscaí comhshaoil agus tosaíocht á tabhairt don aeráid mar a shonraítear sa sainordú. Féadfar tosca sóisialta agus rialachais a ionchorprú san athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar na Treoirí sin ar choinníoll go gceadaítear é sin leis na modheolaíochtaí sna réimsí sin.
10. Ba cheart d'institiúidí agus d'údaráis inniúla na treoirí seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an leibhéal cur i bhfeidhm atá leagtha amach in Airteagal 109 de Threoir 2013/36/AE.

2.2. Seolaithe

11. Tá na treoirí seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2), pointe (i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ar institiúidí iad freisin i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe 3 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2.3. Sainmhínithe

12. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna Treoirí seo leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i dTreoirí ÚBE maidir le tástáil struis institiúidí (ÚBE/GL/2018/04) agus i dTreoirí ÚBE maidir le rioscaí ESG a bhainistiú (ÚBE/GL/2025/01).

3. Cur chun feidhme

3.1. Dáta cur i bhfeidhm

13. Beidh feidhm leis na treoirlínte ón 1 Eanáir 2027.

4. Cuspóir, rialachas agus comhréireacht san anailís ar chásanna comhshaoil

4.1. Cuspóir

14. Ba cheart d'institiúidí cuir chuige réamhbhreathnaitheacha a fhorbairt agus anailís ar chásanna a dhéanamh chun rioscaí comhshaoil a bhainistiú agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí straitéiseacha. Go sonrach:
 - a. Ba cheart d'institiúidí anailís ar chásanna a úsáid chun críocha rioscaí agus deiseanna gnó a shainiú, measúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí a bpunann i leith rioscaí fisiceacha agus aistrithe, agus tástáil a dhéanamh ar a n-athléimneacht i leith tionchair dhiúltacha fhéideartha na bhfachtóirí comhshaoil, ag tosú leis an athrú aeráide.
 - b. Ba cheart d'institiúidí anailís ar chásanna a úsáid chun tacú le forbairt a straitéise agus a bpróisis pleanála aistrithe mar a leagtar amach i dTreoirínte ÚBE maidir le rioscaí ESG a bhainistiú agus á samhail ghnó a fhiosrú maidir le hathléimneacht in aghaidh toska comhshaoil, lena n-áirítear sa tréimhse fhadtéarmach.
 - c. Féadfaidh institiúidí anailís ar chásanna a úsáid freisin chun feasacht a mhúscailt agus chun tacú le rioscaí comhshaoil a leabú ina gcultúr corparáideach.
15. Agus anailís ar chásanna á déanamh, ba cheart d'institiúidí soiléireacht a áirithiú maidir le cuspóir, ionchais agus teorainneacha na hanailíse.
16. Ón tús, ba cheart d'institiúidí insint inchreidte agus chomhleanúnach a shainiú ina gcuirtear síos ar a bhfís den éabhlóid is dóchúla ar an timpeallacht ghnó ina bhfeidhmíonn siad. Ba cheart go mbeadh an insint seo mar bhunús le cás tagartha na hinstiúide dá dtagraítear i roinn 4.2. Ba cheart don bhainistíocht shinsearach é sin a fhorghníú agus a úsáid go comhsheasmhach (i.e. an insint chéanna a chur san áireamh) ar fud na heagraíochta ar fad.
17. Ba cheart d'institiúidí anailís ar chásanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme de réir a chéile, agus é mar aidhm í a leabú ina gcreat bainistíochta ar fad (i.e. straitéis, rialachas, bainistiú riosca agus oibríochtaí). Agus anailís ar chásanna á húsáid chun tástáil a dhéanamh ar an athléimneacht in aghaidh tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag toska comhshaoil, ba cheart d'institiúidí an dá uirlis chomhlántacha seo a leanas a mheas i gcomhréir le Roinn 5:
 - a. An tástáil struis a d'fhéadfadh cabhrú le hinstiúidí measúnú a dhéanamh ar a n-athléimneacht airgeadais (idir chaipiteal agus leachtacht) in aghaidh suaití comhshaoil sa ghearrthéarma.

- b. An anailís athléimneachta a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú le hinstitiúidí measúnú a dhéanamh ar a samhail ghnó agus, i gcás inar gá, í a oiriúnú chun a hathléimneacht a áirithiú i bhfianaise athruithe comhshaoil meántéarmacha agus fadtéarmacha.

4.2. Rialachas

- 18. Agus anailís ar chásanna comhshaoil á forbairt agus á cur chun feidhme, ba cheart d'institiúidí socruithe rialachais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le Rialachas Inmheánach⁶ agus le Treoirlínte ÚBE maidir le rioscaí ESG a bhainistiú. Ba cheart d'institiúidí próiseas a bhunú chun téagar na hinsinte coitinne agus na gcásanna a úsáidtear ar fud a réimeanna gnó a áirithiú agus chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú rialta ar na hinsintí agus ar na cásanna sin, go háirithe i gcás athruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó.
- 19. Chun comhsheasmhacht na dtoimhdí agus na meastachán a dhéantar ar fud feidhmeanna gnó a fheabhsú chomh maith lena áirithiú go bhfuil torthaí na n-anailísí cáis ábhartha agus insaothraithe trí phróisis atá ann cheana, ba cheart d'institiúidí cur chuige trasfheidhmiúil a fhorbairt. Ba cheart go n-áiríteodh comhoibriú den sórt sin i measc ranna éagsúla go gcuireann saineolas agus léargais ó fheidhmeanna éagsúla le creat cuimsitheach agus láidir maidir le hanailís a dhéanamh ar chásanna. Ba cheart d'institiúidí bunús a thabhairt lena n-anailísí ar chásanna agus iad a dhoiciméadú, lena n-áirítear roghanna cásanna agus samhaltaithe, toimhdí a rinneadh, athróa ionadacha a úsáidtear chun déileáil le bearnaí sonraí, fachtóirí a áirítear nó a eisiatar, chomh maith leis na príomhthorthaí agus na príomhchonclúidí ar thángthas orthu.

4.3. Comhréireacht

- 20. Ba cheart d'institiúidí a n-anailísí ar chásanna a dhíriú ar rioscaí comhshaoil ábhartha. Chun a measúnú ábharthachta a dhéanamh, ba cheart d'institiúidí tagairt a dhéanamh do na Treoirlínte maidir le rioscaí ESG a bhainistiú.
- 21. Ba cheart méid sofaisticiúlachta, raon feidhme agus mhinicíocht na hanailíse ar chásanna a bheith i gcomhréir le hábharthacht rioscaí comhshaoil, le staid reatha forbartha agus aibíochta na modheolaíochtaí agus na gcleachtas atá ar fáil, le cumais inmheánacha na hinstitiúide (agus a méid, a samhail ghnó agus castacht a gníomhaíochtaí á gcur san áireamh), chomh maith le tairbhí an chleachtaidh a bhfuiltear ag súil leo. I gcás ina mbeadh cur chuige cainníochtúil mionsonraithe díréireach le cumais na hinstitiúide nó leis na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo, d'fhéadfadh institiúidí cur chuige simplithe a mheas. I ndáil leis sin, agus i gcás ina bhfuil údar cuí leis i ndáil le hábharthacht na rioscaí:
 - d. Féadfaidh SNCInna a bheith ag brath ar chur chuige cáilíochtúil den chuid is mó le haghaidh anailíse ar chásanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon.

⁶ Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE (ÚBE/GL/2021/05).

- e. Féadfaidh institiúidí seachas institiúidí móra agus institiúidí SNCInna úsáid a bhaint as anailís íogaireachta chun tástáil a dhéanamh ar a n-athléimneacht airgeadais ghearrthéarmach in aghaidh tosa comhshaoil díobhálacha. Maidir leis an anailís athléimneachta fadtéarmaí, féadfaidh siad brath ar chur chuige atá cáilíochtúil den chuid is mó.
- f. I gcás institiúidí móra, féadfar cur chuige simplithe a bheartú i gcomhthéacs anailíse athléimneachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus i gcomhthéacs rioscaí comhshaoil nach rioscaí aeráide iad, i gcás ina bhféadfadh anailís íogaireachta a bheith ina céadchéim. De réir mar a théann a dtuiscint agus a gcumas chun cinn maidir le rioscaí comhshaoil a bhainistiú, táthar ag súil go ndéanfaidh siad cuir chuige cainníochtúla níos sofaisticiúla a chomhtháthú de réir a chéile.

5. Anailís ar chásanna comhshaoil a fhorbairt

5.1. Cainéil tarchurtha

22. Ba cheart d'institiúidí na cainéil tarchurtha is ábhartha trína bhféadfadh rioscaí comhshaoil difear a dhéanamh dá neamhchosaintí a shainaithint trí bhreathnóireacht agus trí bhreithiúnas. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart dóibh próiseas struchtúrtha, dea-dhoiciméadaithe agus a ndéantar athbhreithniú rialta air a ghlacadh.
23. Ba cheart d'institiúidí foinsí sonraí iontaofa a shainaithint, modheolaíochtaí trédhearcacha a chur i bhfeidhm, agus toimhdí a chur in iúl go soiléir. I gcomhréir le Roinn 4.2 de na Treoirlínte maidir le bainistiú rioscaí ESG, ba cheart d'institiúidí na sonraí is gá a bhailiú bunaithe ar a measúnú ábharthachta.
24. Chun cainéil tarchurtha comhshaoil a shainaithint, ba cheart d'institiúidí tionscnóirí riosca ábhartha a shainaithint trí rioscaí aistrithe agus fisiceacha araon a mheas. Tá liosta neamhuileghabhálach de chainéil tarchurtha a d'fhéadfadh a bheith ann, idir mhicrea-chainéil agus mhacra-chainéil, le fáil san Iarscríbhinn.
25. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh a gcontrapháirtithe a bheith neamhchosanta go hindíreach ar rioscaí comhshaoil trína slabhra luacha nó trí éifeachtaí iarmharta féideartha ar an ngeilleagar áitiúil, ag tosú lena gcontrapháirtithe is mó nó is comhchruinnithe. I gcás ina meastar go bhfuil tionchair indíreacha den sórt sin ábhartha, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh orthu siúd a léiríú sna cainéil tarchurtha ábhartha.
26. De réir thréimhse ama na hanailíse, ba cheart d'institiúidí fachtóirí féideartha maolaithe riosca nó aimpliúcháin a mheas. D'fhéadfadh an méid seo a bheith san áireamh:
 - a. cumhdach árachais phríobháidigh agus phoiblí - agus na bearnaí cosanta árachais atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo á gcur san áireamh;
 - b. iarrachtaí leanúnacha contrapháirtithe agus straitéisí réamhbhreathnaitheacha a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus/nó oiriúnú don athrú sin (e.g. pleananna aistrithe i gcás ina bhfuil siad ar fáil), lena n-áirítear na rioscaí a eascraíonn as mainneachtain fhéideartha nó moill a d'fhéadfadh a bheith ann aistriú/oiriúnú den sórt sin a dhéanamh go héifeachtach; agus
 - c. bearta oiriúnaithe áitiúla nó rialtais ábhartha, ach aire ann freisin gan brath ar ghníomhaíochtaí rialtais atá ródhóchasach nó ar scéimeanna tacaíochta airgeadais faoi stiúir an Stáit.

27. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a scaiptear rioscaí aistrithe agus rioscaí fisiceacha comhshaoil trí chainéil tarchurtha ábhartha, agus ar an gcaoi a dtagann siad chun cinn i gcatagóirí riosca bunaithe, lena n-áirítear:
- a. samhail ghnó agus riosca straitéiseach (e.g. costas riosca níos airde agus brabúsacht níos ísle);
 - b. riosca creidmheasa (e.g. mainneachtain contrapháirtithe nó dóchúlacht mhéadaithe mainneachtana, tionchar ar luachanna comhthaobhachta);
 - c. riosca margaidh (e.g. caillteanas luacha sócmhainní airgeadais, luaineacht mhéadaithe, leathnú raonta difríochta creidmheasa ar shócmhainní áirithe);
 - d. riosca leachtachta (e.g. deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú nó ar shócmhainní a leachtú, riachtanais leachtachta mhéadaithe custaiméirí); agus
 - e. riosca oibriúcháin (e.g. cur isteach tobann nó de réir a chéile ar phróisis, lena n-áirítear neamhláithreacht foirne agus bristeacha TF).

5.2. Cásanna

28. Agus cásanna lena mbaineann rioscaí comhshaoil á socrú, ba cheart d'institiúidí a chur san áireamh, go seasmhach le sainaithint na gcainéal tarchurtha, roinnt tosca atá fite fuaite lena chéile chun a áirithiú go bhfuil na cásanna chomh hábhartha agus is féidir. Is é sin le rá, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a chur san áireamh:
- a. comhthéacs socheacnamaíoch, i.e. barúlacha maidir le dálaí socheacnamaíocha domhanda nó réigiúnacha, lena n-áirítear fás daonra, forbairt eacnamaíoch agus neamhionannais shóisialta; agus tosca maicreacnamaíocha eile, lena n-áirítear boilsciú agus beartais airgeadaíochta, caomhnaitheacht mhéadaithe;
 - b. éabhlóid theicneolaíoch, i.e. leibhéal agus luas na nuálaíochta, glacadh teicneolaíochta, agus infhaighteacht bonneagair chun tacú le teicneolaíochtaí nua;
 - c. roghanna tomhaltóirí, i.e. athruithe féideartha ar inghlacthacht tomhaltóirí d'earraí agus do sheirbhísí a mheastar a bheith inbhuanaithe, táirgthe go háitiúil, sláintiúil.
29. Maidir le rioscaí aeráide, ba cheart na tosca breise seo a leanas a chur san áireamh:
- a. beartais aeráide, i.e. leibhéal na hidirghabhála beartais atá dírithe ar an athrú aeráide a mhaolú nó a thionchar a bhainistiú trí bheartais oiriúnúcháin; d'fhéadfadh gníomhaíochtaí an-uaimhianach go gníomhaíochtaí íosta a bheith i gceist leis sin;
 - b. córais fuinnimh, i.e. struchtúr an táirgthe, an tomhaltais agus an bhonneagair fuinnimh, lena n-áirítear spleáchas ar bhreoslaí iontaise vs. foinsí fuinnimh in-athnuaite;
 - c. conairí earnála i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha, i.e. an chaoi a n-aistríonn na hearnálacha éagsúla agus a n-oiriúnaíonn siad do gheilleagar inbhuanaithe, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an t-ionchas idirnáisiúnta, amhail an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), an tionscnamh um Sprioc Eolaíochtbhunaithe (SBTi) nó

conairí dícharbónaithe earnála⁷ Chomhlachais Baincéireachta Neodrachta (NZBA)⁸, an comhthéacs réigiúnach, lena n-áirítear, thar aon ní eile, straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an pacáiste 'Oiriúnach do 55', agus sprioc 2050 maidir le neodracht ó thaobh na haeráide de, agus na beartais náisiúnta agus an straitéis aeráide;

- d. leibhéal astaíochtaí agus an tionchar aeráide ina dhiaidh sin, i.e. dlús astaíochtaí gás ceaptha teasa agus conas a mheastar go dtiocfaidh forbairt ar theocht agus ar phróisis bhithfhisiciúla eile amach anseo.

30. I gcás rioscaí comhshaoil eile (lasmuigh den aeráid), ba cheart na tosca breise seo a leanas a chur san áireamh:

- a. beartas agus rialáil chomhshaoil, i.e. leibhéal uailmhéine agus forfheidhmiú na mbeartas cosanta comhshaoil, amhail caomhnú na bithéagsúlachta, rialáil ar cháilíocht an uisce agus an aeir, sainorduithe an gheilleagair chiorclaigh, srianta ar cheimiceáin dhíobhálacha, agus toirmisc ar dhífhoraóisiú. Áirítear leis sin creataí réigiúnacha amhail Dlí an Aontais maidir le hAthchóiriú an Dúlra nó an Straitéis Bhithéagsúlachta la haghaidh 2030;
- b. riocht an éiceachórais, i.e. stádas agus treochtaí na bithéagsúlachta, díghrádú an éiceachórais, torthúlacht na hithreach, infhaighteacht fionnuisce, agus leibhéal truaillithe. Sainítear leis na tosca sin an strus bunlíne don chomhshaoil agus bíonn tionchar acu ar theacht chun cinn rioscaí amhail ganntanas acmhainní, cliseadh speiceas, nó géarchéim uisce;
- c. patrúin úsáide talún agus acmhainní, i.e. méid agus déine na húsáide talún (leathnú uirbeach, talmhaíocht, mianadóireacht), agus patrúin eastósctha amhábhhar nó úsáide uisce. D'fhéadfadh úsáid neamh-inbhuanaithe díghrádú comhshaoil a mhéadú agus pointí claochlaithe sóisialta nó eacnamaíocha a spreagadh;
- d. spleáchais ar éiceachórais sa slabhra soláthair, i.e. a mhéid a bhraitheann earnálacha nó réigiúin ar sheirbhísí éiceachórais amhail pailniú, scagachán uisce, nó infhaighteacht amhábhhar. D'fhéadfadh caillteanais earnála a bheith mar thoradh ar chur isteach ar na seirbhísí sin, mar shampla sa talmhaíocht, san fhóraoiseacht, san iascaireacht, i mbia nó i dteicstílí.

31. Ba cheart d'institiúidí cásanna inchreidte a úsáid, bunaithe ar an eolas eolaíoch is déanaí, agus ar chásanna agus ar acmhainní arna soláthar ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha a aithnítear go forleathan, amhail:

⁷ Is comhpháirtíocht dhomhanda é SBTi (idir CDP, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, WRI, agus WWF) a chuidíonn le cuideachtaí agus le hinstitiúidí airgeadais spriocanna laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagan síos atá ailínithe le **spriocanna** Chomhaontú Pháras (an téamh a theorannú go mór faoi bhun 2°C, agus iarracht a dhéanamh 1.5°C a bhaint amach).

⁸ Is tionscnamh treoraithe ag tionscal de chuid na Náisiún Aontaithe é NZBA a seoladh in 2021 faoi *Chomhghuaillíocht Airgeadais Ghlaschú um Neodracht (GFANZ)* a sholáthraíonn creat coiteann do bhainc chun a bpunanna a ailíniú le hastaíochtaí neodrachta faoi 2050 trí spriocanna earnála a ghlacadh.

- a. maidir le rioscaí aeráide: an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), an Líonra um Ghlasú an Chórais Airgeadais (NGFS), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC AE) nó comhlachtaí náisiúnta rialtais nó neamhrialtais;
 - b. maidir le rioscaí comhshaoil eile lasmuigh den aeráid: an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), gníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe⁹, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (LEE)¹⁰, an Institiúid Acmhainní Domhanda (WRI)¹¹, chomh maith le measúnuithe eolaíochtbhunaithe arna bhforbairt go réigiúnach nó go náisiúnta (e.g. straitéisí bithéagsúlachta náisiúnta, pleananna bainistithe ithreach agus uisce, nó creataí faireacháin ar thruailliú).
32. Ba cheart d'institiúidí na cásanna roghnaithe a bheachtú agus a shaincheapadh bunaithe ar chuspóir, raon feidhme agus gráinneacht na hanailíse atá á déanamh. Mar shampla, agus tástálacha struis á ndéanamh, d'fhéadfadh institiúidí breithniú a dhéanamh ar chásanna réasúnta gearrthéarmach, ag díriú níos mó ar ghéar-rioscaí fisiceacha (i.e. teagmhais adhaimsire aeráide a thagann chun cinn go tobann) seachas ar rioscaí fisiceacha ainsealacha (i.e. athrú de réir a chéile ar dhálaí aeráide) agus béim níos mó a leagan ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag dícheangal láidir idir clár oibre na rialála comhshaoil, an timthriall gnó agus meon an tomhaltóra agus an mhargaidh.
 33. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil na cásanna ailínithe go maith le saintréithe riosca uathúla a bpunann agus a samhla gnó trí na cásanna a choigeartú a mhéid is gá agus is féidir.
 34. I gcás nach n-áirítear i gcás cuid de na heilimintí a liostaítear i míreanna 29 agus 30, ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar ábharthacht fhéideartha na dtosca sin agus breithniú a dhéanamh ar a mhéid ba cheart torthaí na hanailíse a choigeartú bunaithe ar bhreithiúnas saineolaithe.
 35. Agus cásanna á socrú, ba cheart d'institiúidí riosca fisiceach agus riosca aistrithe araon a chur san áireamh. Fiú más féidir cásanna ar leithligh a shocrú le haghaidh gach ceann de na rioscaí sin mar thoradh ar shamhaltú, ba cheart d'institiúidí comhsheasmhacht leordhóthanach a áirithiú idir na cásanna sin ós rud é go bhfuil na rioscaí comhghaolaithe go docht san fhadtéarma.

⁹ Áirítear ar ghníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe UNEP, FAO (An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta), GBO (Ionchas Bithéagsúlachta Domhanda) arb é an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch é – creat suaitheanta CBD chun dul chun cinn na bithéagsúlachta domhanda a rianú, agus cinn eile a bhaineann le faireachán agus beartas comhshaoil.

¹⁰ Is comhlacht de chuid an Aontais é EEA a chuireann creat ar fáil le haghaidh sonraí comhshaoil agus tacaíocht beartais.

¹¹ Is institiúid taighde é WRI a fhorbraíonn creataí i ndáil le bainistiú acmhainní inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide.

36. Ba cheart d'institiúidí na gnéithe sonracha de riosca aistrithe agus guaiseacha riosca fisiceacha a bheidh le cumhdach ag an gcás a roghnú bunaithe ar a measúnú ábharthachta, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil de réir na tréimhse ama lena mbaineann.
37. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil cásanna comhsheasmhach go himmheánach. Go háirithe, níor cheart treocht gach príomhthoisce a mheas ina haonar ach i ndáil le treocht na bpríomhthosca eile. Mar shampla, ba cheart barúlacha maidir le fás eacnamaíoch a bheith comhsheasmhach le barúlacha maidir le héileamh ar fhuinneamh agus le glacadh teicneolaíochta.
38. Agus prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm, féadfaidh institiúidí, ar dtús, nó ag brath ar mhéid, ar chineál, ar chastacht a ngníomhaíochtaí, nó ar a measúnú ar ábharthacht riosca comhshaoil, díriú ar raon feidhme níos cúinge, níos lú tosca ionchuir a úsáid, cásanna níos simplí a leagan síos agus/nó cuir chuige simplithe a úsáid.

5.3. Anailís íogaireachta

39. Agus anailís ar chásanna á forbairt, féadfaidh institiúidí breithniú a dhéanamh ar anailís íogaireachta a úsáid mar uirlis phraiticiúil níos simplí. Cé nach bhfuil sé chomh casta céanna le hanailís iomlán ar chásanna, is féidir leis an gcur chuige sin meastachán a sholáthar d'institiúidí ar na tionchair is ábhartha a bhaineann le rioscaí comhshaoil.
40. Ina theannta sin, féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as anailís íogaireachta chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú (e.g. an dúlra, ganntanas acmhainní), nó rioscaí an-fhadtéarmach (e.g. tionchair an mhéadaithe ar mhinicíocht agus ar dhéine rioscaí fisiceacha in 2050 agus ina dhiaidh sin).

6. Cineálacha anailíse ar chásanna comhshaoil

6.1. Tástálacha struis

41. Ba cheart d'institiúidí tosca comhshaoil a ionchorprú ina gcreat tástála struis, arna mhionsaothrú i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis na hinstiúide.
42. I gcomhréir le hAirteagal 177(2) agus (2a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ceanglaítear ar institiúidí a úsáideann Cur Chuige IRB tástálacha struis maidir le riosca creidmheasa a dhéanamh go rialta lena gcuirfear san áireamh éifeachtaí cásanna cúlaithe eacnamaíochta atá dian ach sochreidte' agus lena n-áireofar *'tionscnóirí riosca ESG, go háirithe spreagaithe riosca fisiceach agus riosca aistrithe a eascraíonn as an athrú aeráide'*. Ba cheart go mbeadh an mhodheolaíocht chun tástálacha struis a dhéanamh i gcomhréir leis an Airteagal seo comhsheasmhach, a mhéid is iomchuí, leis na modhanna a leagtar amach i Roinn 4.7.1 de Threoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis na n-institiúidí, agus sa roinn seo.
43. Chun críocha a gcleachtaidh tástála struis, ba cheart d'institiúidí cás bunlíne a úsáid, chomh maith le sraith cásanna díobhálacha a shainítear mar chásanna diana (i.e. earr-riosca) ach atá sochreidte (i.e. cásanna a bhfuil dóchúlacht réasúnach ag baint leo).
44. Agus a gcás bunlíne á shainiú acu, ba cheart d'institiúidí leanúint leis na coinníollacha agus na treochtaí reatha, lena n-áirítear treochtaí a bhfuiltear ag súil leo i rioscaí comhshaoil, gan glacadh le suaití tromchúiseacha ná le hathruithe beartais. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa chás bunlíne, nuair is dócha go mbeidh tionchair ábhartha aige, na beartais a glacadh nó atá le glacadh thar an tréimhse atá á breithniú.
45. Maidir leis an tacar de chásanna díobhálacha, ba cheart d'institiúidí suaití comhshaoil a mheas mar shuaití i measc suaití eile. Nuair a bhíonn suaití de bhunús éagsúil le chéile, ba cheart d'institiúidí scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar iarmhairtí na gcomhrioscaí sin a d'fhéadfadh na tionchair a mhéadú thar chomhiomlánú simplí de thionchair na gcásanna aeráide, comhshaoil agus maicreacnamaíocha a ndéantar anailís orthu ar leithligh.
46. Agus athróa comhshaoil á n-ionchorprú ina gcreat tástála struis atá ann cheana, ba cheart d'institiúidí anailís chríochnúil a dhéanamh ar bhearnaí ar a samhlacha tástála struis chun réimsí a shainaithint inar gá feabhas a chur ar na cumais samhaltaithe atá ann faoi láthair chun rioscaí comhshaoil a chur san áireamh go leordhóthanach. Ós rud é nach bhfuil rioscaí comhshaoil á ngabháil go príomha ag athróa eacnamaíocha, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar athchóiriú domhain ar a gcuir chuige, seachas ar choigeartuithe iolracha ad hoc.

47. Chun comhtháthú rianúil na n-athróg comhshaoil a éascú, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar institiúidí na cuir chuige nua nó na modúil riosca comhshaoil a thástáil ar leithligh sula ndéanfar iad a chomhtháthú ina n-iomláine. Le linn na céime tástála, ba cheart d'institiúidí a bheith cúramach agus torthaí na dtástálacha struis á n-úsáid acu le haghaidh cinnteoireachta.
48. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go gcuirfear gnéithe earnáil an tionscail agus gnéithe tíre nó suímh gheografaigh san áireamh go cuí ina samhlacha tástála struis. Agus samhlacha nua á bhforbairt nó gráinneacht samhlacha atá ann cheana á leathnú, ba cheart d'institiúidí athróga atá íogair ó thaobh rioscaí comhshaoil de a thabhairt isteach i ndáil le sainaitheint na gcainéal tarchurtha dá bhforáiltear i Roinn 5.1.
49. I gcás inar féidir agus a measúnú ábharthachta á chur san áireamh, ba cheart d'institiúidí suaití comhshaoil a bhaineann le cásanna díobhálacha a chur i bhfeidhm go díreach ar leibhéal na neamhchosanta. Maidir le rioscaí a bhfuil a n-ábharthacht mar thoradh go príomha ar éifeacht comhchruinnithe, ba cheart d'institiúidí na suaití a chur i bhfeidhm ar ghrúpaí contrapháirtithe a bhfuil próifíl neamhchosanta comhchosúil acu ar rioscaí comhshaoil.
50. Féadfaidh institiúidí toimhde de shíor sa chlár comhardaithe a úsáid, ach moltar dóibh, a mhéid is féidir, athruithe suntasacha a ionchorprú i gcomhdhéanamh a bpunanna a eascraíonn as straitéis fhormheasta na h-institiúide, i gcás ina mbeidh siad sin le tarlú le linn thréimhse na tástála struis. Mar chomhlánú air sin, féadfaidh institiúidí cur chuige dinimiciúil iomlán a úsáid maidir leis an gclár comhardaithe, de réir a gcleachtas agus a riachtanas.
51. Ba cheart d'institiúidí tosca comhshaoil a ionchorprú de réir a chéile ina samhlacha tástála struis, ag tosú le samhlacha riosca creidmheasa, agus ag díriú ar thionchair na n-athruithe comhshaoil ar chatagóirí riosca traidisiúnta eile a ghabháil de réir a chéile, lena n-áirítear riosca margaidh, oibriúcháin agus leachtachta ar fud na bpunann, na n-earnálacha agus na geografaíochtaí ábhartha uile.
52. De mhaolú ar mhír 15 de Threoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis na n-institiúidí, ní cheanglaítear ar institiúidí rioscaí comhshaoil a ionchorprú ina dtástáil struis droim ar ais. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh ar bhonn deonach má mheasann siad go bhfuil sé úsáideach.

6.2. Anailís athléimneachta

53. Ba cheart d'institiúidí a n-anailís athléimneachta a fhorbairt d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a gcumas a dtreo straitéiseach agus a mbrabúsacht a chothú faoi dhálaí díobhálacha.
54. Mar thúsphointe don anailís athléimneachta, ba cheart d'institiúidí anailís chríochnúil a dhéanamh ar an timpeallacht ina n-oibríonn siad, agus ar an éabhlóid a mheastar a thiocfaidh uirthi thar thodhchaí intuartha.

55. Ar an mbonn sin, ba cheart d'institiúidí a gcás tagartha féin a shocrú, i.e. an cás lena léirítear an chonair chomhshaoil is dóchúla maidir le forbairtí amach anseo, de réir na hinstitiúide. Cuireann an cás tagartha inmheánach seo leis an gcás bunlíne a úsáidtear le haghaidh tástálacha struis ach leathnaíonn sé thar thréimhse fhadtéarmach agus d'fhéadfadh sé, mar thoradh air sin, imeacht go céimeanna éagsúla ó leanúint de threochtaí inbhraite.
56. Chomh maith leis an gcás tagartha, ba cheart d'institiúidí sraith cásanna malartacha ar leith a roghnú atá deartha chun raon leathan todhchaíochtaí sochreidte a chumhdach.
57. Agus anailís athléimneachta á déanamh acu, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar na lúba aiseolais a eascraíonn as oiriúnú na hearnála airgeadais do rioscaí atá ag dul i méid (e.g. cumhdach árachais laghdaithe i réigiúin atá leochaileach ó thaobh na haeráide de lena n-íslítear luachanna sócmhainní agus acmhainneacht creidmheasa, rud a mhéadaíonn caillteanais airgeadais agus a chuireann teorainn le hinfheistíocht amach anseo) agus a rannchuidiú le riachtanais mhaoiniúcháin an gheilleagair. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí ath-leithdháilte caipitil agus ar éifeachtaí plódaithe féideartha in earnálacha nó i bhfo-earnálacha is mó a ndéanann iarrachtaí aistrithe difear dóibh (e.g. aistriú ó earnálacha atá dian ar charbón mar gheall ar thuiscint mhéadaithe ar riosca, nó fócas iomarcach infheisteoirí ar shócmhainní glasa as a dtagann praghsáil mhíchruinn agus infhaighteacht maoinithe laghdaithe d'earnálacha idirthréimhseacha nó do FBManna leochaileacha).
58. I gcomhthráth leis an anailís chríochnúil sin ar a dtimpeallacht, ba cheart d'institiúidí príomhghnéithe dá samhail ghnó reatha a shainaithint, lena n-áirítear brabúsacht fholuiteach, meascán sócmhainní agus dliteanas, sciar den mhargadh, struchtúr cistiúcháin, príomhspreagthaí ratha agus príomhspleáchais.
59. Agus an anailís seo ar fhoinsí brabúsachta a samhla gnó agus a gcás tagartha á gcur le chéile, ba cheart d'institiúidí réamh-mheastacháin a dhéanamh ar a mbrabúsacht riosca-choigeartaithe agus ar roinnt méadrachtaí fóinteacha eile (lena n-áirítear méadrachtaí comhshaoil) dá ngníomhaíochtaí éagsúla thar thréimhse 10 mbliana ar a laghad. Chun dúshlán a thabhairt d'athléimneacht a straitéise, ba cheart d'institiúidí na réamh-mheastacháin a rinneadh ar bhonn a gcáis tagartha a atáirgeadh leis an tacar de chásanna malartacha.
60. Ba cheart d'institiúidí an anailís a mhiondealú i roinnt tréimhsí ama, agus comhsheasmhacht idir na tréimhsí éagsúla á háirithiú ag an am céanna. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart go mbeadh siad in ann réamh-mheastacháin níos beaichte a dhéanamh thar thréimhse ghearrthéarmach (e.g. faoi bhun cúig bliana). De réir mar a shíneann an tréimhse ama, féadfaidh institiúidí raonta a úsáid ar fheidhmíocht ionchasach a straitéise agus ar na príomh-mhéadrachtaí eile.

61. Ar mhaithe le hanailís athléimneachta, ba cheart d'institiúidí toimhde shrianta dinimiciúil punainne a úsáid lena dteorannófar na hathruithe laistigh dá bpríomhphunainn go dtí na hathruithe dá bhforáiltear ina straitéis reatha. Go sonrach, ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil a réamh-mheastacháin ailínithe leis na spriocanna atá leagtha síos ina bplean i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE. Mar chomhlánú air sin, féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as toimhde punainne dhinimiciúil iomlán ina n-ionchorpraítear éabhlóidí réamh-mheasta na dtosca comhshaoil agus an fhreagairt a bhfuiltear ag súil leo ar na héabhlóidí sin.
62. Le hanailís athléimneachta, ba cheart measúnú a sholáthar d'institiúidí ar inmhharthanacht a samhla gnó agus ar inbhuanaitheacht a straitéise faoi gach ceann de na cásanna a tástáladh. Ba cheart d'institiúidí na torthaí ó raon iomlán na gcásanna a mheas agus ní hamháin díriú ar chásanna meánraoin (i.e. cásanna nach n-imíonn ach go measartha óna gcás tagartha). Mar thoradh air sin, ba cheart go dtacódh cur chun feidhme anailíse athléimneachta leis an institiúid measúnú a dhéanamh ar a straitéis (lena n-áirítear a plean aistrithe) agus, i gcás inar gá, í a choigeartú chun a hathléimneacht in aghaidh cásanna díobhálacha malartacha a áirithiú.

6.3. Faireachán leanúnach agus sainbhreithiúnas

63. Chun stóinseacht a samhlacha a fheabhsú, ba cheart d'institiúidí machnamh a dhéanamh ar dhúshlán a thabhairt dá gcur chuige calabrúcháin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a. a dtorthaí agus a dtoimhdí a chur i gcomparáid le barúlacha seachtracha, lena n-áirítear barúlacha maoirseachta, ó fhoinsí inchreidte chun measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht a dtoimhdí agus a dtorthaí féin;
 - b. anailísí íogaireachta a úsáid chun leibhéal cobhsaíochta agus comhsheasmhachta aschuir a samhlacha a thástáil nó chun éifeacht neamhlíneachtaí féideartha nach n-áirítear sna cásanna a shainnithint;
 - c. i gcás ina n-úsáidtear samhail tríú páirtí, a fhíorú go gcomhlíonann creat bailíochtaithe na soláthraithe seachtracha Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe.
64. Chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh iarmharacha a samhlacha tástála struis, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar thionchair na dtosca nach bhféadfaí, ag an gcéim seo, a chomhtháthú ar shlí eile a chur san áireamh (e.g. rioscaí a eascraíonn as slabhra luacha na gcontrapháirtithe, pointí claochlaithe, éifeachtaí tógálachta, etc.), trí thorthaí a samhlacha a choigeartú go coimeádach ar bhonn shainbhreithiúnais.
65. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart d'institiúidí sainbhreithiúnas a úsáid agus anailísí cainníochtúla a ndéanamh acu chun sonraí comhshaoil neamhiomlána nó neas-sonraí comhshaoil, easpa comhghaolta stairiúla breathnaithe agus teorainneacha samhla eile a chúiteamh.

66. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar fhorbairtí suntasacha ina dtimpeallacht (lena n-áirítear straitéis na gcontrapháirtithe chun déileáil le rioscaí comhshaoil) ionas go mbeidh na cásanna agus na cuir chuige samhaltaithe a úsáidtear fós ábhartha. Ba cheart a mhinice a dhéantar anailísí ar chásanna a chur in oiriúint do riachtanais agus do chleachtais na n-institiúidí.
67. Ba cheart anailís ar chásanna a dhearadh le hinoiriúnaitheacht agus modúlacht ionas go mbeifear in ann mionchoigeartuithe leanúnacha a dhéanamh de réir mar a fhorbraíonn an comhshaol agus an t-eolas. Ba cheart d'institiúidí a bheith ar an eolas faoin eolas eolaíoch is déanaí.

Iarscríbhinn: liosta de na cainéil tarchurtha féideartha a d'fhéadfadh institiúidí a chur san áireamh

I gcás rioscaí aistrithe:

Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar rioscaí aistrithe a eascraíonn as an aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe agus geilleagar ísealcharbóin. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin rioscaí beartais agus dlíthiúla (amhail sásraí nua praghsála carbóin nó rialacháin chomhshaoil níos déine), rioscaí teicneolaíochta (amhail dífheidhmeacht sócmhainní ardastaíochtaí), agus rioscaí margaidh (amhail athruithe ar roghanna tomhaltóirí nó ar phatrúin éilimh).

Cainéil mhicreacnamaíocha:

- Níl corparáidí brabúsach tuilleadh nó tá siad go mór i bhfiacha, nó tá an baol ann go dtiocfaidh siad chun bheith amhlaidh, mar gheall ar chostais chomhshaoil atá ag dul i méid (e.g. costais a bhaineann le haistriú chuig teicneolaíochtaí níos glaise, slabhraí soláthair agus próisis táirgthe, costais fuinnimh a mhéadú, cánachas ar astaíochtaí a mhéadú, luaineacht praghsanna tráchtearraí, préimheanna ganntanais acmhainní) agus/nó athruithe ar roghanna tomhaltóirí agus dinimicí iomaíocha.
- Tá sócmhainní sáinnithe nó lagaithe go suntasach, nó tá an baol ann go dtiocfaidh siad chun bheith amhlaidh, toisc nach bhfuil siad in oiriúint a thuilleadh do na caighdeáin reatha nó do roghanna tomhaltóirí.
- Tá corparáidí faoi dhliteanas dlíthiúil, i bhfianaise mainneachtain pháirteach ailíniú leis an aistriú.
- Íocann teaghlaigh costais aistrithe (e.g. costais a bhaineann le réadmhaoín a thabhairt suas go gnáthchailiteanas nó cailiteanas caipitil ar díol, cánachas méadaithe, praghsanna fuinnimh níos airde, costas méadaithe earraí agus seirbhísí bunúsacha) a dhéanann difear suntasach dá staid airgeadais agus dá n-éileamh ar iasachtaí.

Cainéil mhaicreacnamaíocha:

- Athrú bunúsach ar mheascán fuinnimh, leibhéil praghsanna fuinnimh agus patrúin úsáide fuinnimh – arna spreagadh ag iarrachtaí maolaithe aeráide, rialú truaillithe, ganntanas acmhainní, etc. - a théann i bhfeidhm ar an ngeilleagar ina iomláine;
- Athruithe suntasacha ar phraghsanna, go háirithe i gcás táirgí atá dian ar fhuinneamh nó atá díobhálach don chomhshaoil;
- Athruithe táirgiúlachta;

- Aimhréireachtaí sa mhargadh saothair a mbíonn dífhostaíocht mar thoradh orthu agus earnálacha faoi bhrú mar gheall ar easpa oibrithe oilte;
- Athruithe ar roghanna tomhaltóirí agus ar roghanna margaidh;
- Tionchair eile ar thrádáil idirnáisiúnta, ioncaim rialtais, spás fíoscach, rátaí úis agus rátaí malairte.

Maidir le rioscaí fisiceacha:

Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar ghéar-rioscaí a eascraíonn as minicíocht mhéadaitheach agus déine teagmhas adhaimsire aeráide nó aimsire (amhail tonnta teasa, tuitte nó éilliú foinisí uisce) agus rioscaí ainsealacha a eascraíonn as athruithe fadtéarmacha i bpatrúin aeráide agus aimsire (amhail meánteochtaí a bhíonn ag ardú, ardú ar leibhéal na farraige nó laghdú ar phailniú).

Cainéil mhicreacnamaíocha:

- Bíonn tionchar ar bhrabúsacht chorparáideach ag bristeacha tromchúiseacha ar ghnó nó ar an slabhra luacha mar gheall ar dhálaí comhshaoil an-díobhálach, ag meath de réir a chéile mar gheall ar dhálaí oibre, nó ag costais a bhíonn ag ardú (e.g. costais oiriúnaithe, praghas na bpríomhionchur);
- Bíonn tionchar ar ioncam teaghlaigh ag bristeacha comhshaoil, ag meath de réir a chéile ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, nó ag tionchar ar an tsláinte;
- Déantar damáiste do shócmhainní corparáideacha nó d'airíonna teaghlaigh mar gheall ar dhrochaimsir thromchúiseach nó tágann meath orthu de réir a chéile (e.g. créanna craptha agus borrrha);
- Íocann cuideachtaí agus teaghlaigh costais chothabhála agus oiriúnaithe níos airde, nó fiú costais atógála.

Cainéil mhaicreacnamaíocha:

- Éifeachtaí iarmhartacha na drochaimsire tromchúisí, na dteagmhas truaillithe, an ghanntanais uisce agus éifeachtaí eile téimh dhomhanda agus díghrádaithe éiceachórais ar gheilleagar iomlán limistéir gheografaigh áirithe;
- Athruithe suntasacha ar phraghsanna ó shuaití soláthair a mbíonn brú boilscitheach mar thoradh orthu;
- Laghdú ar tháirgiúlacht an lucht saothair agus tionchar ar an tsláinte;
- Bristeacha sa slabhra soláthair agus ganntanas acmhainní;
- Imircí agus díláithriúcháin.